# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2017***

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

# *Gaeilge Bonnleibhéal*

## Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

360 MARC

**Dé Luain**
**12 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| CLUASTUISCINT | |
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| Iomlán | |


| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| – | – |
| IOMLÁN (1-5) | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén obair a dhéanann Muiris faoi láthair?









**Ceist 1 (b)** Cén áit a rachaidh Muiris an bhliain seo chugainn?

| | |
|---|---|
| An Astráil | |
| Meiriceá | |
| An Afraic | |

**Ceist 2 (a)** Cén spórt atá rómhall, dar le Siobhán?




**Ceist 2 (b)** Cá bhfuil Siobhán ag obair?

| | |
|---|---|
| In oifig na scoile | |
| In óstán | |
| I linn snámha | |

**Ceist 3** Cá bhfuil an fear ag dul?










**Ceist 4** Cá bhfuil an naíonra? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)





**Tá an bhean anseo**

**Ceist 5 (a)** Conas a bheidh an aimsir do rásaí na gcapall amárach?









**Ceist 5 (b)** Cén teocht is ísle a bheidh ann san oíche amárach?

| | |
|---|---|
| Cúig chéim Celsius | |
| Naoi gcéim Celsius | |
| Trí chéim déag Celsius | |

**Ceist 6 (a)** Cén áit a bhfuil Aoife ina cónaí faoi láthair?

| | |
|---|---|
| In árasán | |
| I mbungaló | |
| I dteach dhá stór | |

**Ceist 6 (b)** Conas a rachaidh Aoife ar scoil ón mbungaló?

| | |
|---|---|
| Sa charr | |
| Ag siúl | |
| Ar rothar | |

**Ceist 7 (a)** Cá raibh Róise nuair a chuala sí trup uafásach?

| | |
|---|---|
| Ar scoil | |
| Ag doras an tí | |
| San otharcharr | |

**Ceist 7 (b)** Cén damáiste a rinneadh don ghluaisrothar?

| | |
|---|---|
| Bhí solas amháin briste | |
| Bhí ola ag sileadh as | |
| Bhí sé ina smidiríní | |

**Ceist 8 (a)** Cad a bhí ar siúl i halla na scoile aréir?

| | |
|---|---|
| Cúrsa cócaireachta | |
| Cúrsa ríomhaireachta | |
| Taispeántas gairmeacha | |

**Ceist 8 (b)** Cén áit a ndéanfaidh Pól an cúrsa sna meáin?

| | |
|---|---|
| I stáisiún teilifíse | |
| Ar an ollscoil | |
| I mbialann | |

**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**


## CUID II: ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)

| | |
|---|---|
| **1.** | Club Gaeilge do dhéagóirí<br>Halla an Phiarsaigh<br>Comhrá – Cluichí – Ceol |
| **2.** | **Láithreán Tógála**<br>Clogad agus Seaicéad Buí<br>ag teastáil |
| **3.** | Raon Reatha<br>Oscailt Oifigiúil<br>Dé hAoine, 16 Meitheamh |
| **4.** | **Páirc an Chrócaigh**<br>***Aontroim v An Clár***<br>***10 Lúnasa, 3.30 p.m.*** |
| **5.** | **Dáil Éireann**<br>Cosc ar thobac<br>a chaitheamh anseo |
| **6.** | Deireadh Seachtaine thar lear<br>Londain – An Róimh – Páras<br>Rátaí speisialta ar fáil |
| **7.** | Oifig an Phríomhoide<br>Ciúnas<br>Cruinniú ar siúl |
| **8.** | **Ceachtanna Giotáir**<br>Gach Céadaoin<br>Gach eolas ó 083 562771 |
| **9.** | Ceaintín na Scoile<br>Ceannaigh Lón Sláintiúil<br>Praghas: €3 |
| **10.** | Banc Buidéal<br>Do Phrócaí agus do Bhuidéil<br>Ná fág bruscar anseo |

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |



**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

An tIonad Náisiúnta Uisce,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15.

24 Aibreán, 2017.

Pól Ó Dónaill,
Dún Búinne,
Co. na Mí.

A Phóil, a chara,

Go raibh maith agat as an bhfoirm iarratais a sheol tú chugam ar an 20 Aibreán.

Feicim ón bhfoirm iarratais go bhfuil tú ag déanamh cúrsa innealtóireachta sa choláiste san Uaimh faoi láthair. Tá post samhraidh á lorg agat san Ionad Náisiúnta Uisce. Tá tú i do bhall de chumann snámha agus múineann tú ceachtanna snámha do pháistí bunscoile. Chomh maith leis sin, tá teastas tarrthála uisce agat. Mar chaitheamh aimsire, is breá leat dul ag rothaíocht.

Tá an tIonad Náisiúnta Uisce sásta glacadh le daoine cáilithe don samhradh. Caithfear a bheith in ann tosú ar an 15 Meitheamh agus oibriú ar aghaidh go dtí an 21 Meán Fómhair. Is post sealadach é ach beidh obair lánaimseartha i gceist. Beidh gach dara deireadh seachtaine saor agat. Osclaítear an tIonad ar 6.30 a.m. agus i rith an tsamhraidh, dúntar é ar 10.30 p.m.

Iarrtar ort freastal ar agallamh leis an mbainisteoir ar a dó a chlog Dé Máirt 16 Bealtaine. Cuir glaoch teileafóin ar an rúnaí chun an socrú le haghaidh an agallaimh a chinntiú. Ní ghlacfar le ríomhphost ná le litir.

Táim ag tnúth le bualadh leat ag an agallamh.
Is mise,
Sorcha Ní Neachtain
Oifigeach Pearsanra

**Ceisteanna**

**1.** Cathain a sheol Pól an fhoirm iarratais isteach?

| | |
|---|---|
| 20 Aibreán | |
| 24 Aibreán | |
| 15 Meitheamh | |

**2.** Cén cúrsa atá á dhéanamh ag Pól faoi láthair?

| | |
|---|---|
| Snámh | |
| Innealtóireacht | |
| Rothaíocht | |

**3.** Cén t-am a dhúntar an tIonad i rith an tsamhraidh?

| | |
|---|---|
| 6.30 a.m. | |
| 2.00 p.m. | |
| 10.30 p.m. | |

**4.** Conas is féidir le Pól an socrú le haghaidh an agallaimh a chinntiú?

| | |
|---|---|
| Litir | |
| Glaoch teileafóin | |
| Ríomhphost | |

**5.** Cén post atá ag Sorcha Ní Neachtain?

| | |
|---|---|
| Bainisteoir | |
| Rúnaí | |
| Oifigeach Pearsanra | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

**Bí linn ar Árainn Mhór i mBliana**



Ar mhaith leat éalú ón gcathair agus saoire thaitneamhach a chaitheamh ar oileán álainn? Fág an mhórthír agus tar chuig Árainn Mhór am ar bith sa bhliain. Tá Árainn Mhór suite gar do chósta Dhún na nGall.

Cé nach féidir eitilt ná tiomáint go dtí an t-oileán seo, is féidir dul amach ar bhád farantóireachta. Tógann an turas báid cúig nóiméad déag. Tá tithe lóistín agus óstáin ar fud an oileáin. Tá sráidbhaile saoire suite ciliméadar ón gcé. Tá cultúrlann ar an oileán agus tá gach eolas faoin oileán ar fáil sa chultúrlann.

Más mian leat a bheith amuigh faoin aer, beidh dóthain imeachtaí ar fáil ar Árainn Mhór. Is féidir siúl timpeall an oileáin nó rothar leictreach a fháil ar cíos. Don duine a bhfuil suim aige i spóirt uisce, tá tumadóireacht, bádóireacht agus rámhaíocht ann. Feicfidh an t-ealaíontóir radhairc bhreátha gach áit ar an oileán.

Is cuid de Ghaeltacht Dhún na nGall í Árainn Mhór agus labhraítear an Ghaeilge go laethúil ar an oileán. Ach toisc go dtagann cuairteoirí ó chian is ó chóngar, cloisfidh tú Fraincis agus Gearmáinis á labhairt sa samhradh. Is breá le cuairteoirí an cultúr beo Gaelach a bhlaiseadh. Bíonn atmaisféar cuideachtúil ar Árainn Mhór ó cheann ceann na bliana.

Lig do scíth linn ar Árainn Mhór am ar bith agus rachaidh tú abhaile sásta i mbarr do mhaitheasa.

**Ceisteanna**

**1.** Cén áit a bhfuil Árainn Mhór?

| | |
|---|---|
| Sa chathair | |
| Gar do chósta Dhún na nGall | |
| Ar an mórthír | |

**2.** Conas is féidir le duine dul go dtí an t-oileán?

| | |
|---|---|
| Ar bhád farantóireachta | |
| I gcarr | |
| Ar eitleán | |

**3.** Cad atá suite ciliméadar ón gcé?

| | |
|---|---|
| Óstáin | |
| Tithe lóistín | |
| Sráidbhaile saoire | |

**4.** Cad a fheicfidh an t-ealaíontóir gach áit ar an oileán?

| | |
|---|---|
| Rámhaíocht | |
| Radhairc bhreátha | |
| Bádóireacht | |

**5.** Cén teanga a labhraítear go laethúil ar an oileán?

| | |
|---|---|
| Gaeilge | |
| Gearmáinis | |
| Fraincis | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

**An Scoláire Codlatach**



Scoláire dícheallach is ea Tomás Ó Floinn. Caitheann sé a lán ama ag staidéar. Tar éis na scoile ar an Luan agus ar an gCéadaoin, caitheann sé cúpla uair an chloig ag staidéar thuas staighre sa leabharlann phoiblí.

I mí Eanáir, bhí Tomás ag ullmhú dá réamhscrúduithe. Fuair sé leathlá saoire gan choinne ar a dó a chlog Déardaoin. In ionad dul díreach abhaile, chuaigh sé go dtí an leabharlann phoiblí.

Shocraigh Tomás síos i gcúinne ciúin thuas staighre. Rinne sé a obair bhaile sa Mhatamaitic ar dtús. Ina dhiaidh sin, scríobh sé aiste Staire. D'fhág sé a obair bhaile sa Ghnó go dtí an deireadh. Ach bhí tuirse air. Thit sé ina chodladh.

Dúnann an leabharlann go luath gach Déardaoin agus ní fhaca aon duine Tomás bocht thuas staighre. Múchadh na soilse agus cuireadh na doirse faoi ghlas ar a cúig a chlog. Bhí sé ag éirí dorcha taobh amuigh agus fós bhí Tomás ag brionglóideach go compordach istigh.

Dhúisigh sé de gheit ar a sé a chlog. Níor thuig sé ar dtús cá raibh sé. Bhí an leabharlann chomh ciúin le reilig. Ansin chuala sé an trácht lasmuigh. Ghlaoigh sé amach in ard a chinn ach ní bhfuair sé freagra ar bith. Bhí a fhios aige ansin go raibh sé faoi ghlas istigh sa leabharlann.

Smaoinigh Tomás ar phlean. Thóg sé amach an fón póca agus chuir sé glaoch ar stáisiún na nGardaí. Mhínigh sé don sáirsint cad a tharla agus dúirt sé gur mhaith leis dul abhaile go dtí a mháthair. Chuir an sáirsint glaoch ar an leabharlannaí. Tamall ina dhiaidh sin d'oscail an leabharlannaí an doras agus ghabh Tomás buíochas leis. Bhí an leabharlannaí ag gáire faoi, ach ba chuma le Tomás. Bhí ocras air agus bhrostaigh sé abhaile go tapa.

**Ceisteanna**

**1.** Cá mbíonn Tomás ag staidéar tar éis na scoile ar an Luan?

| | |
|---|---|
| Ar scoil | |
| Sa leabharlann phoiblí | |
| Sa bhaile | |

**2.** Cén lá a fuair Tomás leathlá saoire gan choinne?

| | |
|---|---|
| Dé Luain | |
| Dé Céadaoin | |
| Déardaoin | |

**3.** Cén obair bhaile a rinne Tomás ar dtús?

| | |
|---|---|
| Matamaitic | |
| Gnó | |
| Stair | |

**4.** Cén t-am a dhúisigh Tomás sa leabharlann?

| | |
|---|---|
| A dó a chlog | |
| A cúig a chlog | |
| A sé a chlog | |

**5.** Cé a bhí ag gáire faoi Thomás?

| | |
|---|---|
| An leabharlannaí | |
| An sáirsint | |
| A mháthair | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**Miriam**

Ní aisteoir ná ceoltóir í Miriam O'Callaghan ach tá clú agus cáil uirthi mar láithreoir teilifíse le fada. Tá ardmheas ag a lán daoine in Éirinn uirthi.



Rugadh Miriam i mBaile Átha Cliath. Rinne sí scrúdú na hArdteistiméireachta nuair a bhí sí sé bliana déag d'aois. Nuair a d'fhág sí an mheánscoil, d'fhreastail sí ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhí sí uaigneach agus í ar an ollscoil mar ní raibh a lán cairde aici san ollscoil. Rinne sí céim sa dlí. Chuir sí suim faoi leith i gcúrsaí reatha agus sa pholaitíocht.

Bhí spéis mhór riamh ag Miriam sa teilifís mar mheán cumarsáide. Nuair a d'fhág sí an ollscoil, chaith sí cúpla bliain ag obair le stáisiúin teilifíse i Sasana. Sa bhliain 1993, tháinig sí ar ais go Baile Átha Cliath mar fuair sí post le RTÉ. Is láithreoir anois í ar an gclár cúrsaí reatha *Prime Time*. I rith an tsamhraidh, cuireann sí seó cainte agus ceoil i láthair ar an teilifís oíche Dé Sathairn. Maidin Dé Domhnaigh, bíonn clár raidió aici. Cuireann sí daoine suimiúla faoi agallamh.

Is bean an-ghnóthach í Miriam. Oibríonn sí go lánaimseartha. Is máthair í agus tá ochtar clainne uirthi. Chomh maith leis sin, is bean chineálta í agus cabhraíonn sí le cumainn éagsúla go rialta. Nuair a bhíonn am saor ag Miriam, téann sí go bialann Indiach. Roghnaíodh Miriam mar Ambasadóir Sheachtain na Gaeilge i mbliana. Spreag sí daoine chun níos mó Gaeilge a labhairt.

**Ceisteanna**

**1.** Cén tslí bheatha atá ag Miriam O'Callaghan?

| | |
|---|---|
| Aisteoir | |
| Ceoltóir | |
| Láithreoir teilifíse | |

**2.** Cén fáth a raibh Miriam uaigneach agus í ar an ollscoil?

___________________________________________

**3.** Cén chéim a rinne Miriam?

| | |
|---|---|
| Cúrsaí reatha | |
| Dlí | |
| Polaitíocht | |

**4.** Cén saghas cláir é *Prime Time*?

| | |
|---|---|
| Clár raidió | |
| Clár ceoil | |
| Clár cúrsaí reatha | |

**5.** Nuair a bhíonn am saor ag Miriam, téann sí …

| | |
|---|---|
| Go bialann Indiach | |
| Go Sasana | |
| Go cumainn éagsúla | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**Lá Fhéile Pádraig –**
**Féile Ghaelach Idirnáisiúnta**



Is iomaí féile a bhíonn againn in Éirinn. San fhómhar, bíonn Oíche Shamhna ann. Bíonn Lá Bealtaine ann i dtús an tsamhraidh, ach is ar an seachtú lá déag de mhí an Mhárta a bhíonn an fhéile is mó ar fad againn, Lá Fhéile Pádraig.

Tagann na sluaite amach an lá sin fiú má bhíonn sneachta bán ag titim nó cuma bháistí ar an spéir liath.

Bíonn dath glas ar na héadaí a chaitheann a lán daoine ar Lá Fhéile Pádraig. Bíonn paráid i mbeagnach gach baile ó cheann ceann na tíre ar an lá sin. Tagann cuairteoirí ó chian is ó chóngar chun páirt a ghlacadh i bparáid na Féile Pádraig i mBaile Átha Cliath. Bíonn paráidí san Astráil agus san Áise freisin ach is i Nua-Eabhrac a bhíonn an pharáid is mó. Bíonn go leor daoine ón tír seo páirteach inti.

Bíonn Cluichí Ceannais Chlubanna na hÉireann sa pheil agus san iománaíocht ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ar Lá Fhéile Pádraig. Taispeántar na cluichí sin ar TG4. Bíonn féilte rince ar siúl ar fud na tíre agus bíonn soilse glasa ar lasadh ar fhoirgnimh thábhachtacha ar fud an domhain san oíche. Bíonn an ceol traidisiúnta á sheinm go meidhreach i rith an lae ar fad.

Tugann Lá Fhéile Pádraig seans do na Gaeil timpeall an domhain a bheith bródúil as a gcultúr. Is minic a théann Airí Rialtais thar lear ar thurais oifigiúla. Bíonn Seachtain na Gaeilge ar siúl. Déanann daoine iarracht níos mó Gaeilge a labhairt nuair a bhíonn Seachtain na Gaeilge ar siúl.

**Ceisteanna**

**1.** Cén mhí ina mbíonn Lá Fhéile Pádraig?

| | |
|---|---|
| Márta | |
| Bealtaine | |
| Samhain | |

**2.** Cén dath a bhíonn ar na héadaí a chaitheann a lán daoine ar Lá Fhéile Pádraig?

| | |
|---|---|
| Bán | |
| Glas | |
| Liath | |

**3.** Cén áit a mbíonn an pharáid is mó?

| | |
|---|---|
| San Astráil | |
| I mBaile Átha Cliath | |
| I Nua-Eabhrac | |

**4.** Cad a bhíonn ar siúl i bPáirc an Chrócaigh?

| | |
|---|---|
| Peil agus iománaíocht | |
| Féilte rince | |
| Ceol traidisiúnta | |

**5.** Cad a dhéanann daoine nuair a bhíonn Seachtain na Gaeilge ar siúl?


____________________________________________________


**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas as an dán *An tIonad Campála* le hÉamonn Ó Ríordáin agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

**An tIonad Campála**

I rith an tsamhraidh
Is an geimhreadh ina luí
Bíonn an t-ionad campála
Lán de bhrí.

An ghrian gheal ag spalpadh
Anuas ón spéir,
Gáire na bpáistí
Ag eitilt tríd an aer.
Naíonáin ag súgradh,
Déagóirí ag spraoi,
Tuismitheoirí ar saoire
Ag ligean a scíthe.
Peil ar an bhféar,
Eitpheil cois trá,
Snámh agus tumadh
Go n-imíonn an lá.
Agus beárbaiciú thall.
Picnic abhus,
Cluichí is scléip
Gach lá gan sos.





(*Athchóiríodh an buntéacs lena chur in oiriúint do chuspóirí na measúnachta gan é a chur i gcead an fhile roimh ré.*)

**Ceisteanna**

**1.** Cad a bhíonn "Lán de bhrí" sna véarsaí seo?

| | |
|---|---|
| An geimhreadh | |
| An t-ionad campála | |
| An samhradh | |

**2.** Bíonn an ghrian gheal …

| | |
|---|---|
| Ag spalpadh | |
| Ag gáire | |
| Ag eitilt | |

**3.** Cé a bhíonn ar saoire?

| | |
|---|---|
| Déagóirí | |
| Naíonáin | |
| Tuismitheoirí | |

**4.** Cad a bhíonn ar siúl ar an bhféar?

| | |
|---|---|
| Snámh | |
| Peil | |
| Eitpheil | |

**5.** Cathain a bhíonn "Cluichí is scléip" ar siúl?

# Lean ar aghaidh go Cuid II : Roinn II

## CUID II: ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)


FREAGAIR **GACH** CEIST (**4** *AGUS* **5**)

Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 14 agus 15.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 16 agus 17.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.














| | | | |
|---|---|---|---|
| Cén rud a bheidh ar siúl?<br>Cén áit a mbeidh sé? | Cén lá? Dáta? Am?<br>Cead isteach? | Cén grúpa ceoil<br>a bheidh ag seinm? | Cá rachaidh an t-airgead? |

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

## FÓGRA

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir thíos.




Is tusa Colm. Fuair tú an cuireadh seo ó Áine. Scríobh **FREAGRA** ar an gcuireadh seo.

I do fhreagra, luaigh na pointí seo:

| | |
|---|---|
| - An lá a fuair tú an cuireadh | } Pictiúr 1 |
| - Go raibh áthas ort nuair a fuair tú an cuireadh | } Pictiúr 1 |
| - Gur iarr tú cead ar do Mham dul ann | } Pictiúr 3 |
| - Go mbeidh tú ábalta dul ann | } Pictiúr 3 |
| - Conas a rachaidh sibh ann | } Pictiúr 3 |
| - **Dhá** rud faoin gceolchoirm | } Pictiúr 4 |
| - An t-am a rachaidh sibh abhaile | } Pictiúr 4 |

**N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do fhreagra: tús agus críoch oiriúnach.**

## FREAGRA


**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú i láthair ag **Glantachán Earraigh sa Chlub Óige** an mhí seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin nGlantachán Earraigh sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## Glantachán Earraigh sa Chlub Óige




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú ag an gClub Leadóige le do chara.
Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| Comórtas<br>Raicéid leadóige | Cluiche dúbailte<br>Ag cur allais | Bhuaigh<br>Duais | Bialann<br>Béile |

## EACHTRA A THARLA

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**